



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

**Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga  
(FCÁT)**

**Tionscadal Píolótach don Ghaeilge 2019/2020**

**Cuireadh do Shuíomhanna Lán-Bhéarla Luath-Blianta, Bunscoileanna agus  
Iar-bhunscoileanna páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach**

**26 Lúnasa 2019**

# Clár

## 1. Réamhrá

1.1 Cén fáth go bhfuil cur chuige comhtháite ábhar agus teanga á phlé

1.2 Céard é FCÁT?

1.3 Cén fáth an t-am i láthair?

## 2. Raon an Tionscadail

2.1 Cad í aidhm an Tionscadail FCÁT seo?

2.2 Cad é raon an Tionscadail FCÁT seo?

2.3 Cé mhéad suíomh luath-blianta, cleachtóir, scoil agus múinteoir a ghlacfaidh páirt i FCÁT?

2.4 Cén páistí/grúpaí scoile a ghlacfaidh páirt ann?

2.5 Cén ábhair den chlár COLÓ gur féidir a sholáthar trí Ghaeilge/Cé mhéad rang a mhúinfear trí Ghaeilge?

2.6 Conas go ndéanfar meastóireacht ar an tionscadal?

2.7 Cén tacaíocht a thabharfar do na chleachtóirí agus do na múinteoirí a bheidh rannpháirteach?

## 3. An dóigh le hiarratas a dhéanamh

## 4. Iarratas

4.1 Iarratas Shuíomh Luath-Blianta

4.2 Iarratas Bunscoile

4.3 Iarratas Iar-bhunscoile

# 1. Réamhrá

## 1.1. Cén fáth go bhfuil cur chuige comhtháite ábhair agus teanga á phlé?

I measc na n-aidhmeanna maidir le hoideachas leagtha síos sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, agus sa *Plean Gníomhaíochta 2018-2022* atá bainteach léi, tá tiomantas na Roinne cur chuige Comhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) a chur i bhfeidhm maidir le páirt-thumoideachas sa Ghaeilge<sup>1</sup> i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta.

## 1.2 Céard é FCÁT?

Éascaíonn cur chuige FCÁT soláthar gnéithe den churaclam i dteanga nach teanga teagaisc na scoile í. Cé nach ionann FCÁT agus an tumoideachas, cuireann sé solúbthacht agus deiseanna ar fáil le cur chuige atá níos dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc teanga a aimsiú (an Ghaeilge sa chás seo) i suíomhanna luathbhlianta i scoileanna Béarla, trí

- theagmháil na bhfoghlaimeoirí leis an nGaeilge a mhéadú trú úsáid na Gaeilge a leathnú mar mheán cumarsáide agus teagaisc i bhfor-chomhthéacsanna taobh amuigh de cheachtanna Gaeilge faoi leith;
- ag tacú le forbairt inniúlachtaí ard-ordú cognaíocha agus cruthaitheacha na bhfoghlaimeoirí;
- leas a bhaint as agus imeascú a dhéanamh maidir deiseanna teanga a shealbhú agus ábhar a fhoghlaim in achair eile curaclaim;
- stór oideolaíocha chleachtóirí na luathbhlianta, mhúinteoirí bunscoile agus mhúinteoirí na Gaeilge agus ábhair eile a mhéadú;
- buntáistí an dátheangachais taobh amuigh d'earnáil na Gaelscolaíochta a leathnú agus cur chun cinn.

## 1.3 Cén fáth an t-am i láthair?

Tá forbairtí suntasacha tar éis tarlú san oideachas inÉirinn agus i soláthar curaclam na Gaeilge sna luathbhlianta, sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna ó fhoilsiú *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an Rialtais.

- I 2016 cuireadh i bhfeidhm Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COL) a dhéanann meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthar oideachais sna suíomhanna luathbhlianta a ghlacann rannpháirt sa Chlár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ), maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Cuireann Curaclam Teanga na Bunscoile (2015) cur chuige comhtháite chun cinn i bhfoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge.
- Don chéad uair, foilsíodh sonraíochtaí faoi leith don Ghaeilge i 2016 don Sraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge agus Lán-Bhéarla.

---

<sup>1</sup> Cuirfear i bhfeidhm plean comhthreomhar i dtaobh Teangacha Iasachta mar atá leagtha amach i *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis doTheangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026*.

## 1.4 Cad iad buntáistí an Tionscadail FCÁT?

I measc na mbuntáistí do dhaltaí tá:

- Feabhas ar spreagadh agus eolas na ndaltaí sa Ghaeilge agus san ábhar araon
- Feabhas ar scileanna cognaíocha na ndaltaí, mar shampla smaointeoireacht ard-ordú agus criticiúil
- Feasacht agus eolas cultúrtha na ndaltaí a fhorbairt
- Straitéisí teanga agus cumarsáide na ndaltaí a fhorbairt

I measc na mbuntáistí do chleachtóirí/do mhúinteoirí tá:

- Méadú ar dheiseanna d'fhorbairt ghairmiúil ina gcuirfidh an oiliúint lena dtuiscint ar an gcur chuige FCÁT, na prionsabail oideolaíochta atá mar bhunús ag FCÁT, chomh maith le hoideolaíochtaí eile teagasc teanga
- Deiseanna le comhoibriú le comhleacaithe laistigh dá suíomh/scoil féin a mhéadú, chomh maith le cleachtóirí/múinteoirí ó shuíomhanna agus scoileanna eile.
- Leibhéal spreagtha ardaithe maidir le foghlaim na Gaeilge i measc foghlaimeoirí ina ranganna

## 2. Raon an Tionscadail Gaeilge FCÁT

### 2.1 Cad í aidhm an Tionscadail FCÁT?

Is í aidhm an tionscadail FCÁT ná cumas, muinín agus meon an fhoghlaimora i leith na Gaeilge a fheabhsú i suíomhanna luathbhlianta i scoileanna Béarla, agus i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.

### 2.2 Cad é raon an Tionscadail FCÁT?

Is tionscadal 3 bliana é seo a thosaíonn i Meán Fómhair 2019.

Is tréimhse forbarthach í Bliain 1 (2019/2020 - An Clár Píolótach) ina mbeidh líon beag scoileanna lán-Bhéarla agus suíomhanna Luathbhlianta ag obair le foireann tionscadail na Roinne chun na hachmainní agus na tacaíochtaí a bhfuil gá leo do leathnú an chur chuige i mBliain 2 agus i mBliain 3 a aithint.

### 2.3 Cé mhéid scoil agus múinteoir a ghlacfaidh páirt sa tionscadal FCÁT seo?

I mBliain 1, tá sé i gceist obair le dhá Shuíomh LuathBhlianta, cúig bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil.

Beidh bunú comhphobail cleachtais idir agus laistigh de scoileanna agus suíomhanna mar ghné thábhachtach den tionscadal seo. Séard a bheidh i gceist leis seo go mbeidh gá le rannpháirtíocht ó íos-mhéid múinteoir i ngach scoil. Dá bhrí sin, ní chuirfear scoil bheag ar bith (i.e. triúr múinteoirí nó níos lú) san áireamh don Bhliain Píolótach 1.

Oibreimid le triúr cleachtóirí/múinteoirí i ngach suíomh/scoil. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile is múinteoirí Gaeilge a mhúineann an dara hábhar scoile a bheidh sna triúr múinteoirí.

Ba cheart go mbeidh ard-leibhéal muiníne agus cumais sa Ghaeilge ag múinteoirí ag glacadh páirte i mBliain 1, an Chéim Forbartha.

I mBliain 2 agus i mBliain 3 tá sé mar aidhm againn an líon suíomh Luathbhlianta agus scoileanna rannpháirteacha agus réimse na n-ábhar a ardú céim ar chéim.

Bunaíodh grúpa stiúrtha leis an Tionscadal FCÁT a bhainistiú, a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Tionscnamh Teangacha Iar-bhunscoile (TTI), OCBÁC, IT Trá Lí, OL agus Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad. Roghnóidh an Grúpa Stiúrtha na scoileanna a ghlacfaidh páirt sa tionscadal.

#### **2.4 Cén réimsí foghlama/ábhair a mhúinfear trí Ghaeilge?**

Beidh gnéithe den téama "Cumarsáid" de chuid Aistear (Creatchuraclam Luath-Óige) mar fhócas ag FCÁT sna suíomhanna Luathbhlianta ó Bhliain 1 go Bliain 3 den tionscadal.

Beidh trí ábhar san áireamh i mBliain 1 (2019/2010 - An Clár Píolótach) ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Beidh CO mar cheann de na hábhair ag leibhéal bhunscoile agus iar-bhunscoile. Cé go mbraithfidh an dá ábhar eile a roghnófar do Bhliain 1 ar na hiarratais a fhaightear ó scoileanna, agus na hacmhainní agus múinteoirí atá ar fáil, is iad na hábhair a fhéadfaí a chuimsiú ná:

Ag leibhéal bhunscoile d'fhéadfadh gurb iad na hábhair ná: CO agus dhá cheann eile, mar shampla na hAmharc-Ealaíona, Mata nó Eolaíocht. Níl anseo ach liosta táscach agus is féidir go mbeidh ábhair éagsúla roghnaithe ar deireadh.

Ag leibhéal iar-bhunscoile d'fhéadfadh gurb iad na hábhair ná: CO agus dhá cheann eile, mar shampla Tír Eolaíocht, Ceol, Gnó, Léann Clasaiceach, Béarla nó Eacnamaíocht Bhaile. Níl anseo ach liosta táscach agus is féidir go mbeidh ábhair éagsúla roghnaithe ar deireadh.

#### **2.5 Cén páistí/grúpaí scoile a ghlacfaidh páirt?**

Beidh páistí i suíomhanna Luathbhlianta lán-Bhéarla i mBliain 1 agus/nó 2 den chlár COL.

I mBliain 1, ag leibhéal bunscoile, díreoidh an tionscadal ar Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha agus ranganna a cúig agus a sé.

Ag leibhéal iar-bhunscoile, díreoidh an tionscadal ar an gcéad bhliain sa tSraith Shóisearach i mBliain 1. Thar shaolré an tionscadail d'fhéadfadh sé seo a bheith ina trí chóhort difriúla de dhaltaí Bliain 1 nó chóhort amháin daltaí ó Bhliain 1 go Bliain 3.

De ghnáth, déanfaidh gach dalta atá rannpháirteach staidéar ar Ghaeilge L2 i suíomh lán-Bhéarla.

#### **2.6 Cé mhéad rang/ceacht a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge?**

Ag leibhéal na bunscoile agus i suíomhanna Luathbhlianta, beidh íosriachtanas chun cur chuige FCÁT a úsáid sna gnéithe aitheanta de na cláir foghlama ar feadh 8 seachtaine ar a laghad.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile:

Sa bhliain forbartha 1, beidh modúl feidhmithe 1 x 8 seachtaine i ngach ceann de na 3 ábhar.

Is í an aidhm do Bhliain 2 agus 3 ná go mbeidh modúl 3 x 8 seachtaine ar bun go comhleanúnach:

- i.e. Téarma 1 - 8 seachtaine - ábhar 1
- Téarma 2 - 8 seachtaine - ábhar 2
- Téarma 3 - 8 seachtaine - ábhar 3

## **2.7 Conas go ndéanfaí meastóireacht ar an tionscadal?**

Beidh gá le meastóireacht rialta ag cleachtóirí/múinteoirí, ag an tús, i rith an tionscadail agus ag deireadh na bliana. Déanfar acmhainní táscaire/meastóireachta a fhorbairt i rith Bliain 1 agus cuirfear ar fáil iad do chleachtóirí/múinteoirí chun na críche sin. Ar a bharr sin, úsáidfear aiseolas ó chleachtóirí/ó mhúinteoirí agus ó fhoghlaimoirí mar bhonn eolais d'fhorbairt an chur chuige sa todhchaí.

## **2.8 Cén tacaíocht a thabharfar don chleachtóirí/do mhúinteoirí atá rannpháirteach?**

Cuirfear FGL sa chur chuige FCÁT ar fáil do chleachtóirí agus do mhúinteoirí atá rannpháirteach sa tionscadal. Beidh taighde agus saineolaithe tríú-leibhéal atá ag obair sna réimsí teanga agus oiliúint múinteoirí mar bhonn eolais don FGL.

Táthar ag súil go mairfidh sé seo thart ar sé lá, agus tacaíocht in-scoile/in-suíomh san áireamh le cuid acu.

I mBliain 1, cabhróidh na múinteoirí agus cleachtóirí atá rannpháirteach le haithint agus forbairt a dhéanamh ar an oiliúint agus ar an chineál tacaíochta is mó a bheidh mar bhuntáiste do na rannpháirtithe (m.sh. comphobail chleachtais, cnuasghrúpaí etc.).

D'fhéadfaí go gcuirfear costais ionadaíochta agus taistil ar fáil do chleachtóirí agus do mhúinteoirí ag glacadh páirte sa FGL más gá.

# **3. An dóigh le hiarratas a dhéanamh**

Tá an Roinn anois ag lorg Léirithe Spéise ó shuíomhanna Luathbhlianta lán-Bhéarla cláraithe leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá páirteach sa scéim COLÓ agus ó bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta lán-Bhéarla le páirt a ghlacadh sa tionscadal spreagúil agus nuálach seo.

Don tréimhse forbartha Bliain 1 (19/20) tionscadal FCÁT, roghnóidh an Roinn scoileanna agus suíomhanna bunaithe ar láthair, cineál agus ar na hacmhainní múinteoireacht atá ar fáil.

Is féidir go roghnófar scoileanna/suíomhanna do Bhliain 2/3 nár roghnaíodh do Bhliain 1.

Ba cheart do scoileanna/suíomhanna a bhfuil suim acu ann an Fhoirm Iarratais cuí thíos a chomhlánú agus a sheoladh trí r-phost go: [CLIL@education.gov.ie](mailto:CLIL@education.gov.ie) ar an mhoille faoin 30 Méan Fómhair 2019.

Cuirfear na scoileanna agus suíomhanna a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh i mBliain 1 den tionscadal ar an eolas in am trátha.

## 4. Iarratas chun páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach FCÁT don Ghaeilge.

### 4.1 Iarratas Luathbhlianta do FCÁT

Ríomhphost go [CLIL@education.gov.ie](mailto:CLIL@education.gov.ie) faoi dhúnadh gnó ar 30 Méan Fómhair 2019.

Ainm an tSoláthraí Luathbhlianta		
Seoladh an tSoláthraí Luath-Bliana		
Uimhir DCYA		
Méid an tSuímh Luathbhlianta	Líon na bpáistí i mBliain 1 COLO	
	Líon na bpáistí i mBliain 2 COLO	
	Líon na gCleachtóirí Luathbhlianta	
	Líon na gCleachtóir Luathbhlianta le roinnt líofachta sa Ghaeilge	
An gcuimsíonn do shuíomh an Ghaeilge mar pháirt de thaithí foghlama an pháiste?		
Cén fáth gur cheart ár Suíomh Luathbhlianta a chur san áireamh le haghaidh rannpháirtíochta sa tionscadal FCÁT.		
Sonraí Teagmhála don tionscadal seo	Ainm:	
	Uimhir:	
	R-phost	

## 4.2 Iarratas Bunscoile do FCÁT

Ríomhphost go [CLIL@education.gov.ie](mailto:CLIL@education.gov.ie) faoi dhúnadh gnó ar 30 Méan Fómhair 2019.

Ainm na Scoile		
Seoladh na Scoile		
Uimhir rolla		
Méid na Scoile	Líon na ndaltaí	
	Líon na nDaltaí sna Naíonáin Shóisearacha	
	Líon na Ranganna Naíonáin Sóisearacha	
	Líon na nDaltaí sna Naíonáin Shinseareacha	
	Líon na Ranganna Naíonáin Sinsearacha	
	Líon na Múinteoirí	
An bhfuil do scoil rannpháirteach faoi láthair i "Cnuasghrúpa" (m.sh. digiteach/cruthaitheach srl.)		
Ar úsáid do scoil cur chuige FCÁT nó a leithéid riamh cheana do mhúineadh na Gaeilge		
Cén fáth gur cheart do scoil a chur san áireamh do rannpháirtíocht sa tionscadal FCÁT.		
Sonraí Teagmhála don tionscadal seo	Ainm:	
	Uimhir:	
	R-phost	



### 4.3 Iarratas Iarbhunscoile do FCÁT

Ríomhphost go [CLIL@education.gov.ie](mailto:CLIL@education.gov.ie) faoi dhúnadh gnó ar 30 Méan Fómhair 2019.

Ainm na Scoile		
Seoladh na Scoile		
Uimhir rolla		
Cineál Scoile	ETB	
	C&C	
	Meánscoil Dheonach	
An bhfuil do scoil páirteach in DEIS?	Tá/ Níl	
Méid na scoile	Líon na ndaltaí	
	Líon na ndaltaí Bliain 1	
	Líon na ngrúpaí ranga Bliain 1	
	Líon na Múinteoirí	
	Líon na Múinteoirí Gaeilge	
Múinteoirí Gaeilge a mhúineann ábhar curaclaim eile chomh maith	Ainm an Mhúinteora	
	Múinteoir 1 - Dara Ábhar	
	Ainm an Mhúinteora 2	
	Múinteoir 2 - Dara Ábhar	
	Ainm an Mhúinteora 3	
	Múinteoir 3 - Dara Ábhar	
Cén fáth gur cheart do scoil a chur san áireamh do rannpháirtíocht sa tionscadal FCÁT.		
An bhfuil do scoil rannpháirteach faoi láthair i "Cnuasgrúpa" (m.sh. digiteach/cruthaitheach srl.)		
Ar úsáid do scoil cur chuige FCÁT nó a leithéid riamh cheana do mhúineadh na Gaeilge		

Sonraí Teagmhála don tionscadal seo	Ainm:	
	Uimhir:	
	R-phost	